# Nuachtlitir



## Scoil Naomh Ciarán

Fón: 095 33 613 Meán Fómhair / Deireadh Fómhair 2022

A Chairde,
Tá mí mhór mhaith curtha isteach againn anois tar éis saoire an tsamhradh, agus tá muid socraithe isteach go breá! Cuirimís fáilte speisialta roimh ár Naíonáin Bheaga nua: Ríona Ní Chaonaigh, Madison Ní Chonchubhair agus Tommy Ó Conaola! Cuirimís fáilte freisin roimh Éabha Joyce sna Naíonáin Mhóra, agus Mykhailo Yanevskyl i Rang a 2, atá tar éis tosnú linn i mbliana freisin.


Fáilte speisialta roimh BrídAnn Uí Chuirrín a bheidh ag obair linn sa scoil mar chúntóir riachtanais speisialta, agus fáilte freisin roimh Michael Paul Ó Ceallaigh, a bheidh ag obair linn mar chúntóir riachtanais speisialta go páirt aimseartha. Guímís gach ádh agus rath orthu ina ngairm beatha agus ina gcuid ama linn anseo i Scoil Naomh Ciarán. ☺ Tá cupla pointe eolais thíos le meabhrú agus muid ag tosú ar ais ar scoil.

### Covid-19

Beidh an scoil fós ag cloí le dea-chleachtais glanadh, i.e. ag níochán na lámha go rialta, ag glanadh dromchlaí boird agus murlán dorais go rialta agus araile. Le bhur dtoil, cinntigí go gcuirfear an Príomhoide ar an eolas ar an bpointe má tá Covid-19 ar do pháiste, agus béifear fós ag úsáid an spás aonrúcháin sa scoil más rud é go bhfuil páiste tinn ar scoil. Má cheapann tú go bhfuil do pháiste tinn, iarraimís oraibh iad a choinneál sa mbaile agus úsáid a bhaint as na tástálacha antaigine atá ar fáil saor in aisce ag an nasc thíosluaite. *It is important to remember that even though the restrictions have been eased Covid-19 is still spreading among the public, and the school will still adhere to good practice regarding cleaning, i.e. regular handwashing, cleaning of surfaces and door handles etc. Please ensure to inform the Principal immediately if your child has Covid-19. We will still make use of the isolation area in school if your child is unwell while at school. If your child is feeling unwell, we ask you to please keep them at home and make use of antigen tests, free of charge at the following link.*
*Nasc na dTástálacha Antaigine / Antignen tests link: tinyurl.com/3wudmtee*

**I gcás tinnis / In case of illness or absence**
Tá foirm scoile le líonadh maidir le asláithreachtaí, iarraimís ar thuistí iad seo a líonadh. Cuirfear amach clúdach litreach le 20 cóip den fhoirm seo ag gach clann. Cur isteach an fhoirm seo tar éis aon tréimhse asláithreacht le bhur dtoil. Tá sé ar fáil freisin ar shuíomh idirlíon na scoile. Mar eolas, caithfidh scoileanna asláithreachtaí de 20 lá nó níos mó a chur in iúl do TUSLA.

*We ask parents to fill in an absence sheet to explain absences to the school. An envelope with 20 copies of this form is being sent out to all families. Please send this form in after any absence. The form can be found on the school website also. Please note, all schools are required under law to inform TUSLA of absences of 20 days or more in any one school year.*



Nóta Asláithreachais an Dalta
Student Absence Note

Ainm an dalta: ____________

Rang: ____________

Dáta(í) as-láthair ó: ________ go ________ san áireamh/inclusive.
(Dates absent from / to)

Cé mhéid lá scoile caillte san iomlán?
(How many school days absent in total?)

Míniú ar an asláithreachais: (Explanation for absence)

Cuir ✓ i mbosca amháin díobh seo a leanas, mar chúis ar an asláithreachas:
(Please ✓ one box to categorise the absence)

| | Cúis Asláithreachta (Reason for absence) | ✓ |
|---|---|---|
| A | Tinneas (illness) | |
| B | Cúiseanna Práinneacha clainne m.sh sochraide (urgent family reasons, i.e. funeral) | |
| C | Saoire Clainne (Family Holiday) | |
| D | Fionraí (Suspension) | |
| E | Eile (Other) | |
| F | Gan míniú (Unexplained) | |

Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra: ____________
(Parent/Guardians' signature)

Dáta: ____________

**Scoil Dúnta:**
Tá an scoil dúnta ar An Luain, 17ú Deireadh Fómhair mar beidh na múinteoirí ag déanamh cúrsa traenála i gCarna do Churaclam Nua na dTeangacha. *The school is closed on Monday, 17th October to allow teachers to attend a training day on the New Languages Curriculum.*

**Cash for Clobber:**
Is féidir bhur gcuid málaí a fhágáil ar an mballa taobh amuigh den scoil maidin Dé Máirt, 25ú Deireadh Fómhair. Úsaid málaí láidir le bhur dtoil, briseann málaí go héasca nuair atá siad lán. GRMA mór millteach le Coiste na dTuismitheoirí as ucht é seo a eagrú. *Clothes bags can be left on the wall outside the school on the morning of the 25th October. Please use strong plastic bags as they can break easily due to weight. Huge thanks to Coiste na dTuismitheoirí for organising this collection.*

**Cruinnithe Tuismitheoirí & Múinteoirí**
Tá sé i gceist againn cruinnithe tuistmitheoirí & múinteoirí a bheith againn sa scoil ar na dátaí seo a leanas. Beidh litir ag dul amach go luath ag deimhniú am / dáta libh. Is féidir linn cruinnithe thar Zúm a eagrú do theaghlaigh atá turas fada chuig na scoile acu, nó nach féidir theacht ar scoil ar chúiseanna áirithe. *We would like to organise parent / teacher meetings in the school on the following dates. A letter will issue to families soon to organise date / time. A Zoom meeting can be organised for families who live far away or who cannot make it to the school.*

- **Grúpaí Eilís:** Seachtain dar tús **10ú** Deireadh Fómhair / *Week beginning 11ú Oct.*
- **Rang Chlíona:** Seachtain dar tús **17ú** Deireadh Fómhair / *Week beginning 17th Oct.*
- **Rang Éabha:** Seachtain dar tús **24ú** Deireadh Fómhair / *Week beginning 25th Oct.*
- **Rang Cháit:** Seachtain dar tús **24ú** Deireadh Fómhair / *Week beginning 25th Oct.*

**Ciseán na Samhna Tí Risteárd:**
Tá ciseán na Samhna le earraí deasa le buachaint Tí Risteárd, eagraithe ag Coiste na dTuismitheoirí. Go raibh míle maith agaibh ar fad as ucht rudaí a sheoladh isteach don chiseán! Is féidir d'ainm a chur sa hata ar €2 an líne. Ádh mór libh ar fad!

*Coiste na dTuismitheoirí have organised a Halloween Hamper which is on display in Tí Risteárd. To be in with a chance of winning the hamper, sign the raffle ticket in the shop, €2 per line. Good luck to all!*



**Margadh Mór na Nollag**
Scaipigí an scéal! Tá fiontraithe óga Rang Cháit ag ullmhú do mhargadh mór na Nollag ar an 1ú lá de mhí na Nollag san Ionad Pobail. Chun bord a chur in áirithe, seol ríomhphost chuig margadhsnc@gmail.com. *Spread the word! Our young entrepreneurs in Cáit's class are busy preparing for Margadh Mór na Nollag which takes place on the 1st Dec in Ionad Pobail Chill Chiaráin. To book a table to sell your crafts, send an email to* margadhsnc@gmail.com.

**Club Obair Bhaile**

Tá súil againn é seo a thosú arís sa scoil tar éis saoire na Samhna. Beidh ranganna 1 – 5 in ann freastal ar an gclub. Beidh níos mó eolais faoi ag teacht go luath. *We are hoping to begin homework club again after the Halloween Break. Rang a 1 – 5 can attend the club. More information will be avaliable shortly regarding this.*

**County Photos:**

Beidh County Photos sa scoil Dé Céadaoin, 9ú Samhain chun pictiúirí scoile a thógáil. Éide scoile iomlán ar an lá le bhur dtoil. *County photos are with us on Wednesday 9th of Nov for our annual school photos. Full school uniform on the day please.*

**Bratach Glas**



Is Scoil Ghlas í SNC! Tá SNC ag glacadh páirt sa mBratach Glas arís. Tá muid ag obair ar an triú bratach glas a shaothrú: an brat Taistil. Ta Coiste Glas tofa isteach againn, agus beidh Plean Ghníomhaithe na scoile le réiteach ag an gCoiste. Ghlac muid páirt i seachtain náisiúnta Siúl ar Scoil agus bhí an-tacaíocht againn ó mhuintir na scoile. Beidh muid fós ag siúl ar scoil gach maidin Céadaoin as seo amach, ag brath ar aimsir! Gabhaimíd buíochas libh as bhur dtacaíocht leis seo, agus le Máistreás Cáit atá ag stiúradh na himeachtaí. ☺

*We are a Green School. We are taking part in the Green Flag Programme again this year. We are working towards our third flag: The Travel Flag. We have voted in a Green Committee and they will arrange an action plan in the coming weeks. We have already taken part in National Walk to School Week, and we had a great turnout! We will continue to walk to school every Wednesday from now on, weather depending. We are very grateful to you all for your support in this, and of course to Máistreás Cáit who organises our events.* ☺

**Polasaí Bia Sláintiúil**



Ba mhaith linn a mheabhrú dhaoibh arís go bhfuil polasaí bia sláintúil i bhfeidhm in san scoil. Níl cead cnónna ar láthair na scoile. Chomh maith leis sin níl cead criospaí, milseáin ná brioscaí. Ó am go h-am bíonn cóisir againn ar scoil ach ar an iomlán tá muid ag iarraidh dea- chleacthais an bhia sláintúil a chur i bhfeidhm. *A reminder that the school has a healthy eating policy in place. Nuts are not allowed in school. As well as this, we would prefer if children didn't have crisps, sweets or biscuits for lunch. From time to time we do have special occasions and parties but we are encouraging healthy eating as much as possible.*

**Sneaiceanna Scoile**

Beidh Club Sneaiceanna ag tosú go luath i Scoil Naomh Ciarán. Beidh torthaí, craicéir, cáis, actimel, cácaí rís, rísíní agus araile ar fáil mar chuid de seo. Ní bheidh rollaí / ceapairí ar fáil níos mó. *We will soon have our Snack Club up and running in Scoil Naomh Ciarán. Among the foods available will be fruits, crackers, cheese, actimel, rice cakes, raisins etc. Rolls / sandwiches will not be on the menu this year.*




**Scoil Saor ó Chnónna / Nut free School**

Meabhrúchán gur scoil saor ó chnónna í Scoil Naomh Ciarán de bharr ailléirge de chnónna. Níl cead cnónna de shaghas ar bith in aon rang. Tá cosc ar gach saghas cnó i chuile rang. (Tá cosc ar im phís talún, Nutella, aon chineál im chnónna, paicéid cnónna agus araile.) Má tá ailléirge ag do pháiste, déan cinnte go bhfuil epipen suas chun dáta ag an scoil.
*A gentle reminder that Scoil Naomh Ciarán is a Nut Free School due to nut allergies. Nuts of any type are prohibited in every classroom. (Peanut Butter, Nutella, any other types of nut butters, packets of nuts etc are probhibited. If your child suffers from allergies, please inform the school as soon as possible, and send up to date epipen to the school if needed. Go raibh maith agaibh.*

**Feadógaí**

Beidh an scoil ag íoc ar ranganna feadóga arís i mbliana, agus ba mhaith linn dá ndéanfadh páistí SNC iarracht a bheith páirteach sna ranganna sin chun portanna nua a fhoghlaim do dhrámaí agus imeachtaí éagsúla. *The school will pay for tin whistle classes again this year, and we would like if everyone could partake in these classes to learn some new tunes for dramaí & various other events.*

**Bliots Peile**

Beidh Blitz peile ar siúl do na scoileanna áitiúla ar an 13ú Deireadh Fómhair ag brath ar an aimsir. (Rang 3 – 6) Tá muid chomh sásta go bhfuil imeachtaí mar seo ar siúl arís. *We will be taking part in a blitz with other local schools on the 13th of October, weather permitting. (Rang 3 – 6) We are so happy that we can take part in these events again.*

**Cóisir na nPúcaí**

Tá cead ag na gasúir gléasadh suas ina gcuid culaith Oíche Shamhna ar An Aoine, 28ú Deireadh Fómhair le haghaidh Cóisir na bPúcaí. Níl cead mascanna a chaitheamh mar cuireann siad faitíos ar na gasúir óga, ach tá cead péint aghaidhe. Tá cead ag na gasúir dhá mhilseán a chur ina mboscaí lóin, ar nós grán rósta & glóthach srl. Meabhrú nach bhfuil cead sneaiceanna le cnónna, deochanna fizzy ná taytos.



*The children can dress up in their Halloween outfits on Friday, 28th October for Cóisir na bPúcaí. Masks are not allowed as they can scare young children. Face paints are allowed. Children can pack two treats in their lunch for this special occasion, such as popcorn & jellies etc. Please be aware, snacks with nuts, fizzy drinks and taytos are not allowed.*

Gach rath ar an obair!



Le gach uile dea-ghuí,



______________________________

Éabha Ní Chualáin, Príomhoide.